# EISIÚINT NUACHTA
# NEWS RELEASE
**23 Meán Fómhair 2026/23 September**

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

## Fillfidh Draíocht na Samhna ar Shliabh gCuillinn le Coiscéimeanna na Coille

Tá lúcháir ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin a fhógairt go mbeidh Coiscéimeanna na Coille ag filleadh ar Pháirc Foraoise Shliabh gCuillinn, Co Ard Mhacha ó Chéadaoin 21 go Máirt 27 Deireadh Fómhair 2026.

De réir mar a éiríonn na hoícheanta níos dorcha, tiocfaidh an choill dhraíochtúil chun beatha le heispéiris chorraitheacha, scéalaíocht mhealltach agus iontais ón tsaol eile, ag tabhairt deis do theaghlaigh, do chónaitheoirí agus do chuairteoirí draíocht an fhómhair a bhlaiseadh in atmaisféar speisialta.

Spreagtha ag féile ársa Ghaelach na Samhna, a chuir deireadh le séasúr an fhómhair agus tús an gheimhridh go traidisiúnta, pléann Coiscéimeanna na Choill le tréimhse a chreidtí go raibh an teorann idir an dá shaol chomh tanaí agus a bhí sé riamh.

Leanfaidh cuairteoirí cosáin choille soilsithe le lóchrainn agus casfaidh siad ar phearsana miotaseolaíocha, ar léirithe drámaíochta agus ar scéalta a tarraingíodh ó bhéaloideas Shliabh gCuillinn agus ó áiteanna níos faide i gcéin. Tiocfaidh seanscéalta, spioraid na coille agus nósanna traidisiúnta na Samhna le chéile chun eispéireas tumthach Oíche Shamhna a chruthú i gceann de na tírdhreacha is saibhre ó thaobh scéalta de in Éirinn.

Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Glyn Hanna, “Tá Coiscéimeanna na Coille ina chuid thábhachtach agus mhóréilimh de chlár fómhair an cheantair anois, ag tabhairt deis do theaghlaigh taithí a fháil ar na scéalta, an béaloideas agus na traidisiúin a bhaineann leis an tSamhain ar shlí nach ndéanfaidh siad dearmad uirthi.

“Cuireann Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn, i gcroílár réigiún Mhúrn, Shliabh gCuillinn, Loch Cuan láthair den scoth ar fáil don imeacht. Cruthaíonn a tírdhreach ársa, a choillearnach atmaisféarach agus a mhiotaseolaíocht shaibhir an cúlra foirfe d’eispéireas Oíche Shamhna atá lán de rúndiamhra agus samhlaíocht.”

Beidh seisiúin ar siúl gach tráthnóna i rith an imeachta. Beidh seisiúin atá cairdiúil do na céadfaí ar fáil gach lá ag 4.00pm agus 4.30pm, ag soláthar eispéireas níos ciúine le hathruithe ar an soilsiú agus ar an fhuaim do chuairteoirí a mbeadh laghdú ar spreagthacht chéadfach ag fóirstean dóibh.

Beidh na príomh-sheisiúin ar siúl ag 5.00in, 5.30in, 6.00in, 6.30in, 7.00in, 7.30in agus 8.00in. Mar chuid den chlár, fosta, beidh Oíche trí Ghaeilge ann Dé hAoine 23 Deireadh Fómhair, a thabharfaidh scéalta, béaloideas agus traidisiúin na Samhna chun beatha trí mheán na Gaeilge.

# EISIÚINT NUACHTA
# NEWS RELEASE
**23 Meán Fómhair 2026/23 September**

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

Dé Luain 26 Deireadh Fómhair, beidh Seisiúin Inrochtana Choiscéimeanna na Coille ar siúl i nGairdín Daingean Pháirc Foraoise Shliabh gCuillinn.

Lonnaithe ar thalamh cothrom inrochtana atá gar do phríomhlimistéar na hócáide, ní bheidh aon sléibhteoireacht ná siúl ar chosáin choillearnaí de dhíth. Mar sin féin, beidh an scéalaíocht atmaisféarach, an béaloideas, na carachtair agus an draíocht chéanna atá i gcroílár Choiscéimeanna na Coille go fóill mar chuid den eispéireas.

Beidh carachtair mhiotaseolaíocha, agus léirithe, chomh maith le scéalaíocht agus béaloideas atá spreagtha ag an tSamhain mar chuid de na Seisiúin Inrochtana. Déanfar sin i dtimpeallacht chompordach, fáilteach. Beidh seisiúin ar siúl ag 4.00in, 5.00in, 6.00in, 7.00in agus 8.00in, agus beidh ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na Breataine (BSL) ar fáil ag an seisiún ag 6.00in.

Lean an Comhairleoir Hanna air, "Ba mhaith linn deis a thabhairt do níos mó daoine ceangal a dhéanamh le scéalta agus traidisiúin na Samhna. Cuirfidh na seisiúin atá cairdiúil do na céadfaí, an Oíche Ghaeilge, agus Seisiúin Inrochtana Choiscéimeanna na Coille bealaí éagsúla ar fáil do chuairteoirí chun taitneamh a bhaint as an imeacht.

"Cuirfidh na Seisiúin Inrochtana i nGairdín Daingean Shliabh gCuillinn an t-atmaisféar, na carachtair agus an scéalaíocht a bhaineann le Coiscéimeanna na Coille ar fáil ar thalamh réidh, inrochtana, gan aon dreapadh sléibhe bheith de dhíth."

"Thig le cuairteoirí an leas is fearr a bhaint as a gcuairt ar an cheantar chomh maith trí chuairt a thabhairt ar Pháirc Foraoise Shliabh gCuillinn agus ar Fháinne gCuillin go ginearálta. Idir chosáin shuaimhneacha choille agus nithe spéise do theaghlaigh, leathanradhairc na mBeanna Boirche, Leithinis Chuaille agus ar Dhroimníní Ard Mhacha, tá neart le feiceáil mar chuid de chuairt fhómhair."

Beidh ticéid do Choiscéimeanna na Coille ar díol Déardaoin 1 Deireadh Fómhair ag meánlae. Cosnaíonn ticéad £10, agus ceadaíonn gach ticéad carr amháin ina bhfuil suas le seacht suíochán. Moltar do chuairteoirí an dáta, an cineál seisiúin agus an t-am atá roghnaithe acu a sheiceáil go cúramach agus iad ag déanamh áirithinte.

Beidh clár níos leithne d'imeachtaí Samhna ar siúl ar fud an cheantair fosta, ag ceiliúradh cultúr, oidhreacht agus traidisiúin shéasúracha an cheantair agus ag cur tuilleadh cúiseanna ar fáil do dhaoine cuairt a thabhairt ar Mhúrn, Shliabh gCuilinn agus Loch Cuan, an fómhar seo.

Le haghaidh ticéid, sonraí inrochtaineachta, eolas iomlán do chuairteoirí agus smaointe maidir le háiteanna le stopadh, le hithe agus le feiceáil le linn do chuairte, téigh chuig:

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

https://www.visitmournegullionstrangford.com/whats-on/giant-adventures/footsteps-in-the-forest

Lean Mourne Gullion Strangford ar na meáin shóisialta chun na fógraí agus na nuashonruithe is déanaí a fheiceáil.

#CoiscéimeannanaCoille #VisitMourneGullionStrangford

# EISIÚINT NUACHTA
# NEWS RELEASE
**23 Meán Fómhair 2026/23 September**

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

## Footsteps in the Forest Brings the Magic of Samhain to Slieve Gullion

Newry, Mourne and Down District Council is delighted to announce the return of Footsteps in the Forest to Slieve Gullion Forest Park, Co Armagh, from Wednesday 21 to Tuesday 27 October 2026.

As the nights grow darker, the mystical woods of Slieve Gullion will come alive with eerie encounters, spellbinding storytelling and otherworldly wonders, offering families, residents and visitors an atmospheric way to embrace the magic of autumn.

Inspired by the ancient Gaelic festival of Samhain, which traditionally marked the end of the harvest season and the beginning of winter, Footsteps in the Forest will explore a time when the veil between worlds was believed to be at its thinnest. Visitors will follow lantern-lit woodland trails and encounter mythical characters, theatrical performances and stories drawn from the folklore of Slieve Gullion and beyond. Ancient legends, woodland spirits and traditional Samhain customs will combine to create an immersive Halloween experience within one of Ireland's most storied landscapes.

Newry, Mourne and Down District Council Chairperson, Councillor Glyn Hanna, said, "Footsteps in the Forest has become a much-loved part of the district's autumn programme, offering families a memorable way to experience the stories, folklore and traditions associated with Samhain.

"Slieve Gullion Forest Park, at the heart of Mourne Gullion Strangford, provides an outstanding setting for the event. Its ancient landscape, atmospheric woodland and rich mythology create the perfect backdrop for a Halloween experience filled with mystery and imagination."

Sessions will run each evening throughout the event. Sensory-friendly sessions will take place daily at 4pm and 4.30pm, offering a calmer experience with adjustments to lighting and sound for visitors who may benefit from reduced sensory stimulation.

Main sessions will take place at 5pm, 5.30pm, 6pm, 6.30pm, 7pm, 7.30pm and 8pm. The programme will also include a dedicated Irish Language Night on Friday 23 October, bringing the stories, folklore and traditions of Samhain to life through the Irish language.

On Monday 26 October, the Footsteps in the Forest Accessible Sessions will take place in The Walled Garden at Slieve Gullion Forest Park. Set on accessible, level ground close to the main event space, these sessions remove the challenges of the woodland trail and mountain climb while retaining the atmosphere, storytelling, characters and sense of wonder at the heart of Footsteps in the Forest.

The Accessible Sessions will feature mythical characters, performances and Samhain-inspired storytelling and folklore within a comfortable and welcoming environment. Sessions will take

place at 4pm, 5pm, 6pm, 7pm and 8pm, with a British Sign Language interpreted session at 6pm.

Chairperson Councillor Hanna continued, "We want more people to have the opportunity to connect with the stories and traditions of Samhain. The sensory-friendly sessions, Irish Language Night and Footsteps in the Forest Accessible Sessions will provide different ways for visitors to experience the event. The Accessible Sessions in The Walled Garden will offer the atmosphere, characters and storytelling associated with Footsteps in the Forest on accessible, level ground, with no mountain climb required.

"Visitors can also make the most of their time in the area by exploring Slieve Gullion Forest Park and the wider Ring of Gullion. From tranquil woodland trails and family attractions to panoramic views across the Mourne Mountains, Cooley Peninsula and Armagh Drumlins, there is so much to discover as part of an autumn visit."

Tickets for Footsteps in the Forest will go on sale on Thursday 1 October at 12 noon. Tickets cost £10, with each ticket admitting one vehicle of up to seven seats to the event. Visitors are advised to check their chosen date, session type and time carefully when booking.

A wider programme of Halloween events will also take place across the district, celebrating the area's culture, heritage and seasonal traditions and providing even more reasons to visit Mourne Gullion Strangford this autumn.

For tickets, accessibility details, full visitor information and inspiration on where to stay, eat and explore during your visit, go to:
https://www.visitmournegullionstrangford.com/whats-on/giant-adventures/footsteps-in-the-forest

Follow Mourne Gullion Strangford on social media for the latest announcements and updates.
#FootstepsintheForest #VisitMourneGullionStrangford

**ENDS**

Enquiries should be forwarded to the Press Office
Telephone: 028 4461 0841
Email: marketing@nmandd.org